



*An chathair
á tabhairt
le chéile*

LUASCROSSCITY

bringing the city together

Nascfar **20,000**
mac léinn le
campas nua DIT

Seirbhísí paisinéara
le tosú i dtreo
deireadh **2017**

Clár Ábhair

Forbhreathnú Tionscadail	1
Mapa Bealaigh Luas Traschathrach	2
Liosta na gcéimeanna oibre	3
Amlíne	4
Oibreacha Inlíonta Siléar	6
Oibreacha Oidhreachta	6
Oibreacha Atreoraithe Fóntas	8
Bainistíocht Tráchta	10
Cumarsáid	11
Cathair Bhaile Átha Cliath – Ar Oscailt le haghaidh Gnó	11

Beidh **13 stad** ag an
líne nua agus aga taistil
24 nóiméad ó Fhaiche
Stiabhná go Stáisiún
Dhroichead Broome sa
Chabhrach

Cruthóidh an chéim
thógála **800** post

FORBHREATHNÚ TIONSCADAIL

Tosófar ar thógáil Luas Traschathrach i mí an Mheithimh 2013. Tá sé seo ar cheann de na tionscadail infheistíochta caipitil is mó á ghlacadh de láimh ag an Rialtas sna blianta beaga le teacht. Costas €368 milliún atá i gceist leis an tionscadal agus é sceidealaithe le bheith i mbun feidhme faoi dheireadh na bliana 2017.

Tá an tionscadal á sheachadadh ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid le maoiniú á sholáthar ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an tionscadal á chur i gcrích i ndlúthchomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar iad an comhlacht riaracháin atá freagrach as Cathair Bhaile Átha Cliath.

Soláthróidh an tionscadal seo nasc, don chéad uair, idir dhá líne eiseach an Luas i Lár na Cathrach agus nascfaidh sé an Chabrach (ag stáisiún iarnróid Dhroichead Broome) le Faiche Stiabhna, ag nascadh le líne eiseach an Luas ag an láthair seo. Beidh 13 stad ar feadh an bhealaigh, lena n-áirítear stad ag freastal ar champas nua Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin, áit ina mbeidh os cionn 20,000 mac léinn nuair atá sé comhlíonta. Aga taistil thart ar 24 nóiméad a bheidh i gceist ó Stáisiún Dhroichead Broome sa Chabrach go Faiche Stiabhna.

Cruthóidh an tionscadal nua seo suas le 800 post le linn na céime tógála, le 60 post buan breise i gceist nuair a chomhlíontar an tionscadal.

Is casta go maith an dúshlán atá le tionscadal ar scála mór cosúil le Luas Traschathrach a thógáil i dtimpeallacht chathrach bhroidiúil, ach déanfar gach céim den tionscadal a bhainistiú chun a chinntiú go leanann an chathair uirthi ag feidhmiú agus ag teacht i dtreis. Beidh lucht siopadóireachta, comaitéirí, oibreoirí agus turasóirí in ann leanúint le rochtain a fháil ar an gcathair agus leas a bhaint aisti fad atá an tógáil ar bun. Agus nuair a chríochnaítear an obair beidh an córas iompair phoiblí i bpríomhchathair na hÉireann feistithe le gréasán nasctha an Luas le naisc díreach isteach go croílár na cathrach.

Faiche Stiabhna – Droichead Broome





LIOSTA NA GCÉIMEANNA OIBRE

Is casta an cúram é tógáil an tionscadail Luas Traschathrach a éilíonn rannpháirtíocht saineolaithe difriúla ag céimeanna éagsúla. Tá roinnt céimeanna oibre i gceist le tabhairt chun críche an infreastruchtúir nua seo, leo seo a leanas mar na príomhchéimeanna:

- 1) Na hOibreacha Oidhreachta chun séadchomharthaí agus dealbha éagsúla ar feadh bhealach na scéime a bhaint anuas ar bhonn sealadach agus iad a stóráil ar feadh tréimhse an tionscadail;
- 2) Na hOibreacha Inlíonta Siléar chun na codanna de shiléir/íoslaigh atá faoi bhun cosáin agus bóithre a líonadh isteach, rud atá de dhíth le haghaidh atreoraithe na bhfóntas ó faoi bhun an trambhealaigh beartaithe;
- 3) Na hOibreacha Atreoraithe Fóntas chun an iliomad fóntas atá sa slí ar rianta an Luas a atreorú amach ó limistéar na rianta nua. Tá sé seo á chur i gcrích chun cosc a chur ar bhristeacha seirbhíse, deisiúcháin nó atreoruithe amach anseo tionchar a bheith acu ar fheidhmiú na dtramanna;
- 4) Na Príomhoibreacha Infreastruchtúir, atá ar an bpríomhchonradh de chuid an tionscadail chun tabhairt faoi chisil na dtramanna, rianta, an córas lasnairde, agus gnéithe eile na hinnealtóireachta sibhialta ar fad mar chuid de na hoibreacha a thógáil; agus
- 5) Oibreacha na gCóras Leictreach agus Meicniúil a chlúdaíonn suiteáil na gcóras éagsúil a ghabhann le cumhacht a sholáthar do chóras iarnróid éadrom agus é a fheidhmiú.

Oibreacha Oidhreacht

Cintíonn na hoibreacha seo go ndéanfar dealbha agus gnéithe sráide tábhachtacha ar bhealach Luas Traschathrach a chosaint. Ní mór na dealbha a bhaint anuas chun iad a chosaint le linn na céime tógála agus coimeádfar i mbun stórais iad agus cuirfear in airde arís iad nuair a chomhlíontar an obair thógála.

Oibreacha Inlíonta Siléar

I mBaile Átha Cliath tráth na Seoirseach ba choitianta é siléir a thógáil a théadh faoi bhun na sráide os comhair na dtithe. Ní mór formhór na siléar seo a líonadh isteach sula dtógtar Luas Traschathrach chun spás a chruthú d'atreorú riachtanach na bhfóntas.

2013

2014

2015

AMLÍNE

Frámaí ama atá réamh-mheasta faoi láthair le haghaidh oibreacha (ar bhonn táscach amháin)

OIDHREACHT

OIBREACHA INLÍONTA SILÉAR

OIBREACHA ATREORAITHE FÓNTAS

PRÍOM

Príomhoibreacha Infreastruchtúir

Tar éis na fónais a atreorú is féidir rianta nua an Luas a chruthú, struchtúr tacaíochta na rianta a thógáil, na rianta nua a leagan agus na bóithre agus cosáin mórthimpeall a athshuíomh.

Atreorú Fónas

Le linn céim thógála Luas Traschathrach beidh sé riachtanach píopaí agus cáblaí faoi thalamh agus seirbhísí eile faoi bhun na rianta a atreorú. Seachnóidh sé seo obair dheisiúcháin nó chothabhála ar na seirbhísí seo amach anseo, rud a chuirfeadh isteach ar na tramanna.

Córais Leictreacha agus Meicniúla

Tá gá le cumhacht leictreach, córas rialaithe le comharthaí agus córais eile nach iad chun tramanna an Luas a fheidhmiú. Cuirfear na cáblaí lastuas in airde agus cuirfear an iliomad córas leictreach agus meicniúil i bhfeidhm chun feidhmiú sábháilte an chórais a chinntiú.

2016

2017

SEOLADH NA
SEIRBHÍSÍ PAISINÉARA

OIDHREACHT

HOIBREACHA

CÓRAIS LEICTREACHA AGUS MEICNIÚLA

TÁSTÁIL AGUS COIMISIÚNÚ



OIBREACHA INLÍONTA SILÉAR

Tá siléir a ghobann amach faoi bhun na gcosán agus faoi bhun an bhóthair ar feadh go leor de shráideanna na cathrach. Struchtúir áirse brící iad formhór de na siléir seo, áit ina stóráilí gual agus earraí eile sna blianta atá caite.

Le himeacht ama tá go leor de na síntí siléir seo dúnta suas ag úinéirí na bhfoirgneamh agus iad líonta isteach i roinnt cásanna. Dá réir sin, tá sé dodhéanta na siléir dóchúla ar fad faoi bhun an bhóthair agus faoi bhun na gcosán a aithint trí chuairt a thabhairt ar na foirgnimh ar fad ar feadh gach sráid. Cé go bhfuil fiche cúig siléir aitheanta go dtí seo ar feadh bealach Luas Traschathrach, tá gach seans ann go bhfuil líon mór siléir nach bhfuil eolas fúthu ann go fóill. Ní mór iad sin a aimsiú agus déileáil leo go cuí chun a chinntiú gur féidir bogadh chun cinn leis na hoibreacha atreoraithe fónas ar an sráid tráth níos déanaí. Tá gá leis an obair d'fhonn ionracas struchtúrtha na mbóithre ar a ghabhfaidh an Luas a fheabhsú.

Beidh tús á chur leis na hOibreacha Siléir ó mhí an Mheithimh 2013. Is iad seo a leanas na sráideanna a mbeidh tionchar orthu:

- | | | |
|---------------------------|----------------------|----------------------------|
| » Faiche Stiabhna Thuaidh | » Sráid Dhásain | » Sráid Grafton Íochtarach |
| » Sráid Westmoreland | » Sráid Mhaoilbhríde | |
| » Sráid Parnell | » Sráid Dhoiminic | |

OIBREACHA OIDHREACHTA

D'fhonn a gcosaint a chinntiú, bainfear anuas go sealadach séadchomharthaí agus dealbha éagsúla ar feadh an bhealaigh, a bhfuil tábhacht stairiúil agus ailtireachta leo, le linn oibreacha tógála.

Déanfar na nithe seo a thaifeadadh go cúramach nuair atáthar á mbaint anuas agus ansin stórálfar ar bhonn slán iad le linn gníomhaíochtaí tógála an tionscadail. Nuair a gcuirtear na hoibreacha i gcrích, tabharfar na nithe seo ar ais chun na sráideanna agus cuirfear in airde arís iad in áiteanna ar leith atá le comhaontú amach anseo. Is iad seo a leanas na príomh-séadchomharthaí agus dealbha á mbaint anuas:


1. Scairdeán Uisce na Bantiarna Grattan agus dá thrach ólacháin capall cloiche ó Fhaiche Stiabhna Thuaidh;
2. Dealbh Steine ag oileán Shráid D'Olier/Shráid an Choláiste;
3. Dealbh Thomas Moore agus Plaic Ulysses ag Sráid an Choláiste;
4. Dealbh Molly Malone ar Shráid Grafton Íochtarach; agus
5. Dealbh an Athar Theobald Mathew ar Shráid Uí Chonaill.

Bainfear anuas ar bhonn sealadach roinnt nithe eile freisin, ar nós cuailí solais ornáideacha, ráillí, mullaird agus pábháil ársa.

Oibreacha Inlíonta Siléar

Socruithe Táscacha ar Shráid Samplach (Sráid Dhásain)

(Chun críocha léiritheacha amháin – d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht le sonraí iarbhír)





OIBREACHA ATREORAITHE FÓNTAS


Is é cuspóir na nOibreacha Atreoraithe Fóntas ná an iliomad fóntas eiseach a bhaint ó faoi bhun rianta beartaithe an Luas. Tá an obair seo á cur i gcrích chun a chinntiú nach gcuirfidh obair na todhchaí i ndáil leis na fóntais seo isteach ar fheidhmiú na dtramanna.

Toisc go bhfuil iliomad fóntas – uisce, gás, séaraigh, cáblaí cumhachta, cáblaí cumarsáide – thíos faoi bhun sráideanna na cathrach, is suntasach agus casta go maith an dúshlán é seo. Beidh bainistíocht suntasach tráchta de dhíth mar chuid den obair seo agus éileofar socruithe a sholáthraíonn rochtain ar áitribh agus ar ghnóthaí.

Beidh gá le tochairt iomlán na gcosán, mar aon le codanna suntasacha den bhóthar freisin. Beidh dlúthchomhar de dhíth leis na húinéirí fóntas éagsúla ar fad chun athlonnú éifeachtach a gcuid seirbhísí a bhaint amach.

Mar chonclúid na hoibre seo feicfear na seirbhísí riachtanacha ar fad á mbogadh ó bhealadh rianta nua an Luas, ag éascú na hoibre níos déanaí i ndáil le suiteáil rianta agus córais an trambhealaigh. I bhfianaise suntasacht na hoibre seo, is mór an cúram agus aird atá á dtabhairt chun a chinntiú go bhfuil socruithe seachadta na hoibre seo éifeachtach agus éifeachtúil. Tá sé ar intinn go mbeidh cumarsáid agus rannpháirtíocht chuimsitheach ar leibhéal na sráide ar leith le linn na n-oibreacha seo chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais na ngnóthaí agus na n-áitreabh sa cheantar.

Trasghearradh Sráide Samplach





Oibreacha Atreoraithe Fóntas

Socruithe Táscacha ar Shráid Samplach (Sráid Dhásain)

(Chun críocha léiritheacha amháin – d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht le sonraí iarbhir)

Céim 1: Ag Léiriú Sruth Tráchtá





BAINISTÍOCHT TRÁCHTA

Beidh díreach os cionn leath den Luas Traschathrach á thógáil ar an sráid, rud a bheidh tionchar aige ar na modhanna iompair ar fad ag baint úsáide as na sráideanna seo faoi láthair. Déanfar an chuid eile den bhealach a thógáil ar bhonn “eas-sráide”, ar feadh chonair an iar-líne iarnróid idir an Chloch Leathan agus stáisiún iarnróid Dhroichead Broome.

Don obair thogála ar shráideanna na cathrach, beidh bainistíocht éifeachtach tráchta agus iompair ina phríomhchuspóir de chuid an tionscadail. Tá neart oibre déanta go dtí seo chun seachadadh an tionscadail a pleanáil ar bhealach a chuireann ar chumas na tógála bogadh chun cinn go héifeachtúil fad atá an leibhéal míchaoithiúlachta agus cur isteach a thiocfaidh ón obair seo á íoslaghdú. Mar sin féin, tá sé dodhéanta tionscadal chomh mór seo a chruthú gan lánaí tráchta agus codanna de shráideanna ar leith a dhúnadh ag amanna éagsúla ionas gur féidir tabhairt faoi na hoibreacha.

Cé go bhfuil pleananna foriomlána forbartha, is iad na conraitheoirí ar leith ag tógáil an tionscadail a fhorbróidh na socruithe tráchta ar leith ag gach láthair de réir mar is cuí. Beidh gach ceann dá moltaí faoi réir athbhreithnithe mionsonraithe agus ní thosófar i mbun oibre gan údarú sainiúil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ina ról mar an gcomhlacht atá freagrach as sráideanna na príomhchathrach.

Is iad seo a leanas na prionsabail a stiúran forbairt na dtograí bainistíochta tráchta ar leith:

- » Rochtain feithicle agus coisithe le coimeád;
- » Bealaí rochtana feithicle le haghaidh seirbhísiú áitreabh le coimeád;
- » Bealaí rochtana chuig carrchlóis phoiblí lár na cathrach a choimeád;
- » Seirbhísiú bus a choimeád i gcaitheamh na n-oibreacha chun inrocthanacht chuig lár na cathrach trí mheán iompair phoiblí a chinntiú;
- » Leithead eiseach na gcosán a choimeád nuair is féidir; agus
- » Foráil a dhéanamh le haghaidh úsáidí chuibhe an chosáin lena n-áirítear stadanna bua, bána lódála, stadanna tacsaithe agus páirceáil.

Le haghaidh faisnéis ar an trácht go ginearálta, tacsaithe, busanna, iarnróid, luas agus carrchlóis féach www.luascrosscity.ie agus suímh ghréasáin na soláthraithe ar leith.



CUMARSÁID

Tá an tionscadal Luas Traschathrach tiomanta dul i mbun cumarsáide le gach duine ag obair, ag maireachtáil agus ar chuairt sa chathair. Rachfar i mbun cumarsáide trí mheán na gcainéal uile idir chainéil díreacha, fógraíochta, na meán sóisialta agus ar líne. Ionchorprófar plean margaíochta agus cumarsáide comhtháite idir príomh-sholáthraithe iompair. Soláthrófar an fhaisnéis ar bhonn réamhghníomhach, faisnéiseach agus tarraingteach. Táthar tar éis suíomh ghréasáin tiomanta a bhunú áit ina bheidh an fhaisnéis is déanaí ar fad ar fáil ag www.luascrosscity.ie

CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH – AR OSCAILT LE HAGHAIDH GNÓ

Is áit thar a bheith beoga í Cathair Bhaile Átha Cliath – beag beann ar cibé ar chun críocha oibre, maireachtála nó ar chuairt atáthar ann. Tá go leor nithe is díol spéise sa chathair lena n-áirítear músaeim, amharclanna, beáir, bialanna agus siopaí.

Tabharfaidh Luas Traschathrach gnó méadaithe chuig gnóthaí sa chathair, chuig siopaí, amharclanna agus bialanna, toisc go ndéanfaidh an modh iompair nua seo níos fusa é do chomaitéirí agus do thurasóirí araon taisteal go croílár Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath. Do dhaoine a oibríonn sa chathair, beidh a saol siúd níos fusa freisin le roghanna méadaithe i ndáil le comaitéireacht iompair phoiblí.

Is tionscadal casta innealtóireachta agus infreastruchtúir í tógáil Luas Traschathrach. Is cinnte go gcruthóidh tionscadal dá leithéid seo leibhéal áirithe cur isteach le linn tógála, mar sin féin, beidh an chathair ar oscailt do chách lena linn.

Déanfar gach iarracht le linn na tógála teorainn a chur le fairsinge an chur isteach ar aon limistéar nó ar aon ghnó ar leith. Oibreoidimid do dlúth leis na páirtithe uile sa chathair ag gach céim den tionscadal d'fhonn córas iompair phoiblí níos fearr agus feabhsaithe a chruthú a bheidh luach ag Baile Átha Cliath agus ag a muintir air.

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise logáil
isteach ar www.luascrosscity.ie



Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach
Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Teil: 1800 303 653
Rphost: info@luascrosscity.ie



bringing the city together